


Lastall de Útóipe

Ekaitz Goienetxea Cereceda



2051

UTOPIA IRAGAN

- EKAITZ GOIENETXEA CERECEDA -

focaileile
||| |

Co-funded by the
Creative Europe Programme
of the European Union



bestehitzak
||| |

Aistrithe ag Míne Mhic Cóil

Lastall de Útóipe

Tá scamail ribíneacha ar foluain sa spéir ghorm os ár gcionn. Athraíonn patrún na scamall ó nóiméad go nóiméad. Séideann siotaí gaoithe aneas agus gluaiseann na néalta, ina dtrilseáin gruaige, trasna na spéire. Tá an ghrian ina caor thine os cionn fíor na spéire. Breacadh an lae atá ann is tá mullach an aeir ag lonrú le dathanna áille na maidine. Deargchorra. Flannbhuí. Gealbhuí is gorm. Iad ag athrú is ag méadú is ag damhsa leo i bhfirmimintí an aeir. Scinneann scáil na gréine thar dhromchla miotalach na farraige.

Leánn an ghrian an sneachta ar na beanna arda.
Réabann an tuile shléibhe síos an gleann gan stad gan staonadh.

I bhfad i gcéin, thar an tírdhreach fada fairsing, tá spota dubh ag gluaiseacht ar luas lasrach. De réir mar a bhogann sé tarraingíonn sé líne ach glanann sé sin agus ní fhágann aon rian. Scinneann an spota thar an dromchla gan bhaint leis an talamh faoi. Thar na sceacha ar fad. Faoi na scamail. Ag sciorradh thar an dromchla ar nós nathair nimhe. Leanann gluaiseacht lúbach an aeir é thar an machaire méith. Imíonn sé leis i bhfad. Imíonn sé leis thar fhíor na spéire.

Tá Útóipe ar fhíor na spéire. Sin mar atá, de réir an tseanchais, ar aon nós. Ach de réir mar a bhogtar céim níos giorra di bogann sí céim níos faide amach fós. Tá sí doshroichte. Dá mhéad a dhéantar iarracht teacht uirthi is ea is mó a shleamhnaíonn sí léi. Mar sin céard is fiú Útóipe? Spreagann sí tú. Sin é agat é. De réir an tseanchais spreagann sí is gríosann sí tú.

D'imigh traein 2051 thar fhíor na spéire agus ar aghaidh léi go dtí go raibh sí lastall d'Útóipe.

Finisterre. An Mheaspataim. Khunjerab. Ón iarthar go dtí an t-oirthear. Ón deisceart go dtí an tuaisceart. Trasna an domhain ar fad. Súsá. An Aetóip. Obaba. Ainmneacha áiteanna a coinníodh beo sa bhéaloideas: áiteanna nach bhfuil fáil orthu a thuilleadh ar léarscáil ar bith. Karakorum. Samarakanda. Xian. Ní hann d'achar nó do theorainn.

Thar aon uair eile i stair an duine le cumhacht na gluaiseachta is féidir an domhan ar fad a thabhairt chun sibhialtacha.

In ionad gluaiseacht ar ráillí mar a rinne traenacha san am a chuaigh thart, gluaiseann traein 2051 trí chlais a chuirfeadh cainéal uisce i gcuimhne duit. Tá sé mar a bheadh sí ag gluaiseacht ar shnáth mín. Traein atá ar nós eite shíobtha, aeradinimiciúil. Ardú maighnéadach. Gan bhac. Gan chaitheamh nó cuimilt. Agus í ag gluaiseacht léi fágann sí líne thanaí ar an talamh, clais bheag a líontar agus a ghlantar as radharc ag an séideán beag a leanann í. Fágann traein 2051 síol na bithéagsúlachta ina diaidh.

Ritheann traein 2051 ar hidrigin. Tá neart plaistigh ar fáil agus gintear hidrigin ó ábhar sintéiseach mara. Tá dhá chéim cheimiceach i gceist. Gluaiseacht ghlan atá ann. Tá sí neamhdhíobhálach don ózón is don mhuir. An tAtlantach. An tArctach. An tAigeán Ciúin. Sa chéad chéim den phróiseas díghrádaítear na plaistigh go teirmeach trí phirealú i soithigh bharrchaolaithe imoibriúcháin agus le brú mais theasa go dtí go mbíonn an ocsaigin ar fad bainte astu. Sa dara céim baintear úsáid as na gásanna sa tiontaire catalaíoch gaile. 1201 ciliméadar glan san uair. Gan aon astú carbóin. Trópaisféar. Strataisféar. Atmaisféar glan. Farraigí glioscarnacha.

Tá cnap scamall sa spéir. Tá siad ag éirí níos líonmhaire is níos líonmhaire. Ag tuar na báistí. Anseo is ansiúd taitníonn gathanna gréine tríd na scoilteacha. Déanann siad damhsa leis na scáthanna guagacha. Tá mionghluaiseachtaí lúfara le feiceail ar gach aon taobh. Séideán na muilte gaoithe cruach. Ticeáil na ndrúilí sna hoighearlinnte. Creathán fearas anála na gcrann. Scáthanna sleamhnacha na n-aibhneacha fótavoltacha. An líne réidh traenach ag rianú caipín súile an tírdhreacha.

Éiríonn na scamail níos tibhe is níos duibhe trasna na spéire.
Tá báisteach air.

Moillíonn traein 2015 go dtí go stopann sí ar fad i lár an mhachaire. Tá próiseas claochlaithe ar siúl. Tosaíonn na carabhán-charráistí ag athrú. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil na modúil 6X6 ag bailiú le chéile, ansin stopann siad agus tosaíonn ag carnadh ar a chéile, ceann amháin anuas ar an gcéad cheann eile, ag glacadh cruth nua chucu féin. Claochlú somhúnlaithe. Colúin. Túir. Scríobairí spéire.

Claochlú solúbtha cruaike ar an gcaoi chéanna is a tháinig athrú ar roinnt ainmhithe thar na blianta de réir dlithe na héabhlóide. Ar nós boilb ag iompú isteach ina fhéileacán. Ar nós torbáin ag iompú isteach ina fhrog. Ar nós George Samsa ag dúiseacht ar maidin agus é ina fheithid. Traein stáisiúin. Anois is cathair í an modh iompair, cathair laistigh de dhá cholún ollmhóra, ina staic, ingearach le fíor na spéire.

Sos.

Scoilteann splanc tintrí an spéir. Zaip.

Tá na paisinéirí slán sábháilte istigh sa chathair-stáisiún ollmhór. Tá dún campála cruthaithe ag nascóirí idirmhodúla na modúl. Tá freastal ar gach uile riachtanas sa chathair. Margadh. Árasáin. Siamsaíocht. Tagann daoine amach ina ngrúpaí ar na balcóin uachtaracha chun toitíní ocsaigine a chaitheamh. Baineann siad siúd, a bhfuil teaghlaigh acu, úsáid as an am chun beannú dá ngaolta. Ar na húrlair íochtara osclaítear margaí bia is bialanna. Éalaíonn daoine eile fós, a bhfuil ocras de shaghas eile orthu, isteach sna seomraí leapa chun craiceann aon oíche a bhualadh. Sa dá thúr, agus ar gach úrlár agus pasáiste, tá scuainí fada i gcomhair na Seomraí Dorcha is i gcomhair na leithreas. Laistigh den chathair ollmhór tá na saoránaigh ar nós dreancaidí beaga.

Scáth trom dorchadas na scamall.

Tá píosaí den spéir scoilte réidh le titim.

Ní áit é an stáisiún. Is nóiméad, meandar, soicind é. Sos sealadach i dturas sochaí atá de shíor ag bogadh. Ní luaithe ann nó as é. Briseadh turais atá thart sula dtosaíonn sé. An Domhnach a thugtaí ar an sos sin sna seansibhialtachaí reiligiúnda. Síneann na túir ollmhóra iad féin suas is tosaíonn ar iad féin a bhaint as a chéile. Scríobairí spéire.

Colúin. Dúshraitheanna. Chomh luath is atá gach rud ina áit fhéin atheagraíonn na modúil iad féin. Nasctha le chéile arís go néata i líne dhíreach, iad ina gcarráistí arís. Imíonn traein amfaibiach 2051 ar nós na gaoithe soir ó dheas.

Tosaíonn braonacha móra báistí ag titim. Uisce ag sileadh go tobann as na scamail troma ramhra.

Cloistear tormán tóirní ó bharr na sléibhte; ró-dhéanach. Plimp is blosc. Ní chloiseann duine ar bith an díle bháistí.

Ní hann d'achar tíreolaíochta a thuilleadh. Tá gach rud anseo. I bhfaiteadh na súl. Scriostar dífheidhmeacht theicneolaíoch ré atá thart. Cathair thaistil nach bhfuil aon ghá aici le léarscáil. Is í an ghluaiseacht an t-aon sprioc atá aici, an t-aon bhealach. Struchtúr rádaíochta nach dtéann in aois ar chor ar bith; nós inuasdáitithe nach dtéann amú riamh agus atá de shíor á athchruthú. Arís is arís. Arís is arís eile. Go deo. Go deo na ndeor.

Inbhuanaitheacht shíoraí.

Tá gach rud tapa i dtraein 2051, í ag gluaiseacht ag 1,201 ciliméadar glan san uair. Is comhéadain trédhearcacha, idirghníomhacha, fhaisnéiseacha iad na fuinneoga a úsáidtear chun dath a roghnú don aimsir lasmuigh, chun béascna comhaireachtála síochánta a íoslódáil agus chun vótáil faoin lógó don chéad stáisiún eile. Laghairt. Ulchabhán. Capall. Mar cuireann lógó teachtaireacht in iúl níos tapúla ná míle teanga.

I dtraein 2051 tá gach rud ar líne agus is féidir roghnú as 7,111 cainéal teangacha éagsúla. Is féidir gach seirbhís a chur in oiriúint do riachtanais agus fonn an duine aonair, an phaisinéara. Cuireann an glór athghuthaithe cogar i do chluas. Do rogha teanga i do chuid cluasán.

I dtraein 2051 tá gach rud in aice láimhe, ní gá éirí den suíochán. Físchomhdháil, ceolchoirmeacha beo, ceann scríbe laethanta saoire – gach ceann díobh sruthaithe ar an scáileán os do chomhair. Ionaid suilt. Cluichí saoil. Cairde spallaíochta. Suit-aip. Plazz-aip. Hi-aip. Is féidir fiú a bheith ag cliúsaíochta le súil go bhfásfaidh dlúthchaidrimh.

I dtraein 2051 tarlaíonn gach rud anois, ar an bpointe boise. Cuireann do chárta taistil cliste gach eolas ar fáil duit ar an bpointe. Feidhmeanna chun fíor-am a mhéadú. Treochtaí úra i dtrádáil sonraí. Cinnlínte atá le teacht ó réamhfháistineoir todhchaí 'Lá cuimhneacháin an dífháis linn go luath'. Tá na saoránaigh ar fad nasctha le chéile, ag breathnú sa treo céanna, ag breith lámh ar a chéile.

Mar dhea.

Bíonn sé i gcónaí teolaí istigh i dtraein 2051. Is de ghabhdóirí báistí is gréine atá cásáil na gcarráistí déanta ar eagla éigeandála cumhachta. Fiú nuair a athraíonn an teocht lasmuigh fanann an t-aer aerchóirithe laistigh mar a chéile a bhúí leis an ngléas geoiteirmic maighnéadaithe atá ionsuite faoina n-íochtar.

Bíonn sé i gcónaí síochánta istigh i dtraein 2051. Coimeádann sí na cathracha ar fad istigh inti féin. Na cinn a baineadh as a chéile le déanaí agus na cinn atá fós le tógáil aici. Is iomaí saghas duine atá ina phaisinéir-shaoránach ar an traein.

Léiríonn an pobal fíorúil meas ar an duine aonair agus tugann sé sin cumhacht do gach duine. Mac Tíre. Míol mór. Piongain. Cabhraigh linn an lógó a roghnú don chéad stáisiún eile. Tá gach tuairim fiúntach. Má aontaíonn tú caoch do shúil uair amháin, muna n-aontaíonn ná caoch súil (oiread is uair amháin). Ná déantar dearmad an rogha teanga a bhrú sula n-osclaítear Vóta-aip.

Bíonn éagsúlacht i gcónaí ar fáil laistigh de thraein 2051. Bíonn idir fhir is mhná ann. Bíonn daoine de gach aois ann. Tagann na daoine as gach áit ar fud na hEoráise is bíonn réimse mór cultúr is teangacha i gceist. Is mar a chéile iad. Tá siad ar aon turas le chéile. Taobh istigh de ghorlann seo na héagsúlachta sóisialta tá na carráistí ina mhol comhaireachtála síochánta, a bhúí leis an teicneolaíocht in-saincheaptha.

Éiríonn sé níos deacra is níos deacra glacadh leis an mbolscaireacht a chuirtear ar fáil duit ar íocaíocht na dtrí bhonn. An leathanbhanda gan teorainn ach treoracha cinnte ag baint leis sa chaoi is nach bhfuil sé chomh leathan sin dáiríre.

I dtraein 2051 is ar gach duine aonair atá an tsíocháin ag brath. Ní gá do shaoránaigh smaoineamh ach ar thrí riail bhunúsacha comhaireachtála síochánta. An chéad cheann, cosc ar shiombail reiligiúnda. An dara ceann, cosc ar bhratacha náisiúnta. An tríú ceann, cosc ar chainteoireacht phoiblí.

Cé nach bhfuil cosc ar thraidisiúin nó imeachtaí a bhfuil baint acu le nósanna áitiúla, le creideamh nó le brón, glactar leis go bhfuil a leithéid míchuí os comhair an phobail.

Dá bharr cuirtear Seomraí Dorcha ar fáil le gur féidir le daoine aonair pléisiúr a bhaint as a nósanna féin ar bhonn príobháideach. Seomraí Dorcha, ionaid dhorcha an bhéaloidis. Chun gearradh anuas ar chontúirt an andúileachais moltar teorainn a bheith leis an úsáid a bhaintear as na Seomraí Dorcha céanna.

Ná déantar dearmad. Cosc ar reiligiún. Cosc ar bhratacha. Cosc ar dhúlagar. Chun meas ceart a léiriú ar éagsúlacht tá cosc iomlán ar aon léiriú poiblí ar nósanna nó gnásanna áitiúla.

I dtraein 2051 is ar gach duine aonair atá an meas coiteann ag brath. Má fheiceann tú aon duine ag briseadh bunrialacha na comhaireachtála síochánta brúigh an cnaipe, ar a bhfuil an chearnóg dhubh, atá le fáil ag barr do phríomhscáileáin. Is féidir teacht ar leagan nuashonraithe de na rialacha ar do chomhéadan fuinneoige i seacht míle, céad is a haon déag teanga. Má tá amhras ar bith ort ardaigh do lámh agus beidh duine de na hóstaigh i do charráiste breá sásta an cnaipe a thaispeáint duit.

Siúlann óstaigh, le héide orthu agus síormheangadh ar a n-aghaidh acu, suas síos na pasáistí ag taispeáint na gcomhéadain fuinneoige. Is beag paisinéir a chasann chun breathnú ar na fuinneoga agus is lú fós an líon paisinéirí a bhreathnaíonn amach tríothu.

I dtraein 2051 tá guth ag gach duine. Ní gá ach do chuid cluasán a thiúnáil isteach don chainéal ceart chun éisteacht i do theanga fhéin. Chun rud a rá ní gá ach teachtaireacht a thaifead agus an cnaipe, ar a bhfuil an ciorcal glas, a bhrú is tá do theachaireacht ar fáil do gach duine sa chathair-thraein. Tá Plazz-aip lán inniu.

Leathann mósáic aghaidheanna de shíor trasna an scáileáin. Is féidir zúmáil isteach nó amach gan stad chun a bheith i do spaire ar gach uile dhuine i ngach uile shuíochán i ngach uile mhodúl i ngach uile charráiste.

Strapaire óg, a lámha ag breith greim dhaingean ar a chuid cluasán, a chloigeann ag bogadh de shíor in am don cheol is é ag baint ardtaitnimh as seisiún dioscmharcaigh. Duine a mbíonn alléirge ag cur air agus srón mhór dhearg air ag ligean sraothanna ar fud an scáileáin.

Andúileach beo ríomhchluichí faoi dhraíocht ag splancanna solais, muc ar gach mala aige agus é ar a dhícheall chun an chéad leibhéal eile a bhaint amach.

Duine ag scríobadh bun pota folamh iógairt le spúnóg agus é cráite ag iarraidh an ruainne beag bídeach atá fágtha ann a fháil as. Neamhspéirbhean, ag srannadh go láidir i dtír na haislinge, prísíní léi ag sileadh anuas a piliúr taistil inséidte. Foghlaimeoir fidile ag cleactadh na scálaí. Díoltóir síoda, cuma chantalach ar a aghaidh, ag taispeáint a chuid earraí.

Tá sé i ndeireadh na feide ag an obair agus caitheann sé an t-éadach ar leataobh. Ansin ofrálann sé a chluasáin do na ceannaitheoirí drogallacha. Leantóir cáirióice ag cur a croí is a hanam isteach sa cheol. Ní thuigeann sí, áfach, go bhfuil sí as tiún mar tá an fhuaim ardaithe chomh mór sin ina cuid cluasán. Páiste óg agus racht goil uirthi. Iriseoirí ag léamh na gcártaí Tarot agus ag teip orthu coinneáil suas le cúrsaí reatha. Bróicéirí ama ag screadach go guagach. Máinlianna próifíle fíorúla ag fógairt tairiscintí speisialta. Bean i ngúna dearg, cuma cait uirthi, ag meamhlach léi is í faoi láth. Coileach cíorach ag fógairt an lae um thráthnóna. Daoine gan ainm, maisc caorach orthu is iad ag méileach ar an aoire atá ar strae. Préachán, le carbhat air, á lochtú féin as bheith dubh. Drong doshásaithe iompaithe isteach i bhfiadhúlra saorga ar thraein nach bhfuil ainmhí beo ar bith eile air (muna gcuirtear na híomhánna lógó a bhfuil daoine ag vótáil dóibh san áireamh). Coinín bán. Panda. Ailph. Níl am ar bith d'amhráin ghrá. Leanann an dioscmarcach air. Is cuma leis sa sioc an bhfuil duine ar bith ag éisteacht leis an síorscríobadh atá le cloisint thar rithim an doird, agus gan a fhios aige go bhfuil leaid óg ann, greim docht daingean aige ar a chluasáin, gafa go hiomlán leis an seisiún. Cé go bhfuil siad ina suí taobh le taobh.

Guíonn traein 2051 turas deas ort.

Cónaím ar an traein sin. Seo mé, cois fuinneoige i suíochán C2 den tríú ceann de na moduil 6x6 sa naoú ceann déag de charráistí cruaike thraein 2051. Tá na fógraí díreach thart ar an bpríomhscáileán. Tá an trí bhonn leictreonacha suaracha díreach faighte agam. Téim isteach sa chartlann cheoil. Tar éis dom éisteacht leis an ríomhaire dioscánach sin táim ag ceapadh go bhfuil sos ag teastáil ó mo chluasa.

Rud éigin suaimhneach; rud éigin acústach; traic ionstraimeach, b'fhéidir: bit.do/2051. Brúim an cnaipe ar a bhfuil an ciorcal glas. Cosnaíonn an taifead e-bhonn orm.

Is mise Inko Soare. Is aistritheoir ar líne láncháilithe mé. Táim as obair faoi láthair áfach, ar nós formhór na ndaoine ar thraein 2051.

Tá níos mó deiseanna anseo. Sin an gheallúint a tugadh dúinn is muid ag teacht ar bord. Gairmeacha nua, teangacha nua, cultúir nua. Tá an ráta dífhostaíochta ar an traen níos airde ná 61%. Tuilleann an chuid is mó dinn cúpla bonn as éisteacht leis an mbolscaireacht ar an bhfiseán oifigiúil. Tá na boinn seo uainn le haghaidh bia, glaineachta pearsanta agus imeachtaí fóillíochta. Íoctar trí bhonn ar gach féachaint. Tá na fógraí d'Útóipe de ghlanmheabair agam.

Tá dhá rogha ag an té ar mhaith leis rud beag deas a chur ar fáil dó féin: biotáille áitiúil; paicéad toitíni ocsaigin; seisiún i Seomra Dorcha na nósanna is na n-imeachtaí pearsanta. Caithfidh sé féachaint ar a thuilleadh cláracha bolscaireachta nó, ar bhealach éigin, ceann de na poist a fháil nach bhfuil seans ach ag an mbeagán orthu. Gairmeacha nua, a thugtar orthu. Tiomsaitheoirí sonraí. Innealtóirí cumhachta. Máinlianna próifíle. Margairí poitigéarachta. Óstaigh le meangadh inbhuanaithe ar a n-aghaidheanna. Fir díolacháin ghlóracha a bhíonn de shíor ag malartú earraí áitiúla ach nach ndíolann faic. Síoda. Leathar. Cadás. Mealbhacáin. Ubhphlandaí. Spíosraí cumhra. Ó sea, gach rud atá ar fáil do na paisinéirí ar thraein 2051. Bróga ar an úrlár. Stocaí ar crochadh. Cásanna folmha. Siúcra. Salann. Piobar. Gach aon rud agus faic na fríde.

Mairim ar fíorbheagán, ag bogadh ó stáisiún go stáisiún. Bolg lán, níochán faoi m'ascaillí ó am go ham agus beagán ocsaigine anois is arís. Sin a bhfuil uaim. Bhuel sin agus, dar ndóigh, beagán collaíochta gach re seal. Ní chomh minic sin, uair gach dhá stáisiún nó mar sin, ag géilleadh don fhonn, tá a fhios agat. Mar bíonn traen 2051 i gcónaí te ach bíonn an t-uaigneas fuar is cosnaíonn seisiúin sa Seomra Dorcha go leor airgid.

Ag an stáisiún leis an lógó Mac Tíre roinn mé seomra le bean phaiseanta a raibh craiceann dorcha uirthi. Dhá e-bhonn an duine don oíche ar fad.

Ag an stáisiún Míol Mór chaith mé tamall le cailín le gruaig ghearr agus súile áille. Ní gá focal chun céile leathair a mhealladh. Caochadh súl is tá leat. Ní i gcónaí a leanann sé an oíche ar fad. Uaireanta ní bhíonn ann ach orgasam a bheith agat agus ansin go dté tú slán . Ag an stáisiún Piongain ceann fionn a bhí i gceist. Fuaireamar seomra ar lacáiste. Ghléasamar, d'íocamar an cíos lenár gcártaí agus chuamar beirt ár mbealach féin, agus muid ag lasadh toitín ocsaigine an duine (mo cheannsa an ceann deireanach i mo phaicéad mar a tharla).

Nóta: caithfidh mé paicéad nua a cheannach sa chéad stáisiún eile.

Gan ainmneacha. Gan focal ar bith. Gan fiú 'feicfidh mé tú ag an gcéad stáisiún eile'. Is fearr mar sin é. Mar tar éis craiceann a bhualadh, tar éis seasamh lomnocht os comhair a chéile, is beag rún atá le scaoileadh muna labhraíonn sibh an teanga chéanna.

Ní stopfaidh an fear ramhar in aice liom ag caint. Tá sé ina shuí in aice liom ó bhain an traein stáisiun Piongain as a chéile agus lean ar a turas arís. Tá an fear ag labhairt leis an scáileán os a chomhair i dteanga éigin oirthearach, canúint as áit éigin ar an gcósta thoir theas, cheapfainn. Ní féidir liom focal ar bith a thuiscint ach gearrann tuin ghéar a ghutha trasna ar an gceol ionstraimeach atá ag teacht chugam trí mo chuid cluasán. Tá an teannas ag fáil an ceann is fearr orm is tá ag briseadh ar an bhfoighne orm lena chabaireacht ghrágach. Ach ní leomhfainn focal a rá. Cé go bhfuil guth aige mar a bheadh fead ghéar tá féachaint dáiríre ina shúile. Ní hamháin sin ach aon iarracht, is cuma cé chomh mion, tamall comhrá a dhéanamh le comh-phaisinéir, is cuma cé hé féin, tá sé ar an iompar is mí-mhúinte amuigh ar thraein 2051. Agus iompar an-aisteach lena chois.

Teastaíonn uaim mo chloigeann a thabhairt don cheol ionstraimeach agam.

Brúim na cluasáin níos gaire do mo chluasa. Taim ag iarraidh gach cur isteach ón taobh amuigh a ghearradh amach. Tá trí fhuinneog ar oscailt ag an am céanna ar an scáileán os a chomhair ag an bhfear ramhar le mo thaobh. Trí aghaidh agus é féin ar fad ag caint (nó ag úsáid gothaí) ag an am céanna. Bogann duine amháin a lámha suas síos amhail is go bhfuil méar á shíniu aige i dtreo rud éigin lasmuigh de fhráma an scáileáin.

Tá a mhadra-chloigeann cródhearg agus samhlaím é ag tafann ar nós Rótvaidhléir. Tá duine eile, agus miongháire glic air, ag breathnú go leataobach i dtreo an cheamara mar a bheadh sé ag cur eolais éigin i gcogair isteach i mbóna a léine. Leanann an tríú duine air ag léim amach as fráma an cheamara agus ansin ag léim isteach arís amhail is go bhfuil sé ag iarraidh geit a bhaint as an té atá ag féachaint air roimh dó féin pléascadh amach ag gáire arís is arís eile. Nílím cinnte cé leis a bhfuil an fear ramhar le mo thaobh ag caint, nó fiú an bhfuil aon duine den triúr ar an scáileán ag éisteach leis, ach ní thagann stop leis fiú ar feadh oiread agus soicind, fiú chun anáil a tharraingt. Agus tá boladh bréan ag teacht as faoi na hascaillí aige.

Stopann an ceol i mo chluasáin. Táthar tar éis na monatóirí a mhúchadh. Is é an méid atá le feiceáil agam anois ná an scáileán dubh os mo chomhair amach. Tá cuma thuirseach traochta orm; ciorcail dhubha faoi mo shúile, gruaig lán ola, agus féasóg ghiobach. B'fhearr dom an deis a fháil chun mé féin a bharradh ag an gcéad stáisiún eile. Tar éis dom paicéad ocsaigine a cheannach.

Cloisim an chlingireacht sho-aitheanta i mo chluasáin a sheinntear gach uile uair i mo chluasáin roimh na teachtaireachtaí do phaisinéirí. Inniu Lá cuimhneacháin an dífháis. Roinnimis nóta ciúnais ar mhaithe leis an gcuimhne siar. Taispeántar an deilbhín don tost ar an scáileán, méar thar dhá bheol. Agus mé ag baint na gcluasán díom tugaim faoi deara go bhfuil an fear ramhar tar éis éirí den suíochán agus imeacht leis.

Tá tost sa charráiste ar fad. Tá an gréasán lárnach tar éis na gléasanna leictreonacha ar fad a dhúnadh síos. Is í taimhe chiúin gluaiseacht na traenach an t-aon fhuaim atá le cloisteáil.

Feicim baile tréigthe ag bogadh isteach ar an bhfuinneog ó thaobh na láimhe deise, é i bhfad i gcéin, ar an taobh eile de mhachaire mór. Tá dath dubh dorcha an bhánaithe ar na foirgnimh.

Tá gach duine ar an traen ag stánadh ar na fuinneoga. Tuigimid ar fad go bhfuil tost iomlán i ngach carráiste de thraein 2051. Rinneadh staic dinn ar fad. Braithimid creathán, mar phuth osréalaíoch ar ár gcearaiceann. Madraí, caoirigh, préacháin, coiligh – gach neach beo ar tinneall.

Níl páiste ar bith ag caoineadh, gíog ná míog níl as éinne, is nóiméad ciúnais é mar chomhartha measa ar an am atá thart agus ar an gcuimhne atá air ionas nach dtarlóidh Cogadh Fuar na Tógála go deo arís. Tá seachtó cúig bliain caite. Seachtó cúig soicind. Soicind in aghaidh gach bliana. A haon. A dó. Seachtó cúig.

Tá an baile tréigthe le feiceail ar thaobh na láimhe clé anois is faoi dheireadh imíonn sé den fhuinneog.

Imíonn an bánú dorcha freisin, ag imeacht leis leis na foirgnimh.

Tosaíonn na gléasanna leictreonacha ag obair arís, díreach mar a dhéanann (is cosúil) guthanna agus fuadar na bpaisinéirí. Tá monabhar an chomh-challáin le cloisint arís sa charráiste; caoineadh, srannadh, screadaíl, canadh cáirióice as tiún, scálaí veidhlín, meamhlach, méileach, grágaíl agus glaoch taobh amuigh de ghnáthuaireanta fógartha an choiligh. Dothuigthe. Doiléir. Ar fad measc ar mheasc.

Tá gach duine tar éis filleadh ar a raibh ar siúl aige roimhe seo. Na daoine atá dífhostaithe agus iad siúd a íoctar araon. Imíonn an mionlach atá fostaithe síos an pasáiste. Is é sin le rá brostaíonn na tiomsaitheoirí sonraí, na máinlianna prófile, na hinnealtóirí cumhachta agus na hóstaigh inbhuanaithe leo chun na hoibre. Saoránaigh uathoibreacha iad nach nglacann sos ach ag na stáisiúin neamhbhuana agus le linn na soicindí tosta i gcuimhne ar an dífhás.

Tagann duine eile chun suí in aice liom. Bean atá ann. Tá sí ag caitheamh naipcín mar mhasc. Tá cluasáin mhóra ar a cluasa. Clúdaím mo chluasa féin agus déanaim iarracht filleadh ar an traic lena raibh mé ag éisteacht níos luaithe, cé go bhfuil a fhios agam nach bhfuil sé ar fáil a thuilleadh. Bonn eile caite.

Go tobann tá aláram le feiceáil ar an scáileán.

Bainim mo chluasáin díom ach tá an carráiste mar a bhí riamh, lán le tranclaim comh-challáin. Ní cosúil go bhfuil an solas atá ag splancadh ag cur as do dhuine ar bith. Leanann gach duine air ag labhairt lena scáileán féin. Tá daoine ar nós cuma liom faoin solas dearg.

Scéal chailleach an uafáis. Sin a bhfuil ann dóibh. Sin a bhfuil de chur isteach orthu nuair a lastar an solas dearg. Toisc oiread sin gleo sa charráiste bíonn sé deacair an bonnán a leanann an solas dearg a chloisteáil.

Feictear an fáth a cuireadh an t-aláram ar siúl ar scáileán na físfhaire: rugadh ar sheanleaid ag stríocáil. Tá sé ina sheasamh i lár an phasáiste lena chóta mór ar oscailt, a lámha sínte amach, cúr lena bhéal agus é ag screadaíl in ard a chinn is a ghutha (ní féidir a bhfuil á rá aige a chloisteáil go soiléir). Tá sé ag déanamh gaisce as an T-léine atá air, é lán mórtais, a chliabhrach líonta le haer agus é ag casadh ó thaobh go taobh sa phasáiste. An T-léine foireann náisiúnta spóirt í? Sin rud nach bhfuil a fhios agam. Ach ón díocas agus fonn gaisce atá air déarfainn gur ceann de na sean-náisiúin atá i gceist. Déarfainn gur thapaigh sé an deis, fad is a bhí an cúpla soicind tosta ann, a dhílseacht don domhan a chur in iúl. Léiriú ar an náisiúnachas é, atá an-ghar don áit seo, i gcarráiste uimhir a seacht déag. Díreach dhá charráiste uainn. Agus ní thugann éinne aird dá laghad air.

Tá an bhean in aice liom ag breathnú ar an bhfiseán bolscaireachta agus í ag dul ó chainéal teanga amháin go cainéal teanga eile ar a cluasáin le linn an ama.

San fhotha beo ar an scáileán tá na hóstaigh ag treorú an tseanfhir suas an pasáiste. Measaim go ndiagnóisfear go bhfuil neamhord mothachtalach béaloideasúil air. *'Is féidir aon léiriú ar ghnásanna áitiúla a úsáid i do choinne'*. Caoineadh, paidreoireacht nó aon fhógairt a léiríonn mórtas náisiúnta. Uaireanta bíonn mian láidir ag an gcorp agus ní fheicim go bhfuil aon dochar ann: tuigim a bhfuil i gceist ach nach shin é an fáth go bhfuil Seomraí Dorcha ann. *'Cosc ar reiligiún, cosc ar bhratacha, cosc ar bhrón'*. Coinnigh guaim ort féin, a mhac! Níl sé chomh deacair sin.

Scinneann struchtúr dubh de shaghas éigin thar an bhfuinneog. Ann agus as i gcaochadh na súl. Staisiún gan ainm a tréigeadh i bhfad ó shin. Fiú dá mbeadh ainm air ní raibh go leor ama ann len é a léamh. Is dóichí gur tréigeadh é roimh an Conradh Idirnáisiúnta Dí-armála Iomaíochta Tógála. Táimid anois san fhásach *'Cén lógó a bheidh ag an gcéad stáisiún? Vótáil don cheann is fearr leat!'* Mic tíre. Míolta móra. Piongainí. De ghnáth roghnaíonn daoine ainmhithe atá díofa mar ainmneacha stáisiún. Iolair.

Toirtísí. Aipheanna.

Leanann an bhean le mo thaobh uirthi ag dul ó chainéal teanga amháin go cainéal teanga eile ar a cluasáin.

Tá rud éigin fúithi. Tá dath dorcha ar a craiceann agus tá tatúnna ar a muinéal, a guailí agus a géaga.

Tá barréide scaoilte samhraidh á caitheamh aici. Tá smál péinte ar an mbarréide céanna. Tá mála láimhe leathair lán de bhioráin, suaitheantais agus paistí aici. Tá gruaig chatach dhubh aici atá in aimhréidh timpeall ar a haghaidh: srón bheag agus súile dubha maisithe le scáthú gorm dorcha.

Tá sí tarraingteach is (cuirim geall air) tá a fhios aici go bhfuil.

Dá mbainfeadh sí an masc di táim cinnte go mbeadh miongháire le feiceáil.

Tá rud éigin fúithi. B'fhéidir gurb é dorchacht na gíofóige ar a craiceann é. Titeann strapáí a barréide go neamhairdiúil thar a guailí agus chuirfinn geall air nach bhfuil tada á caitheamh aici faoin mball éadaigh céanna. Tá a muinéal is a guailí clúdaithe le tatúnna. Tá comhartha na saoirse i bhfolach faoin mbarréide scaoilte is spreagann sin mo shamhlaíocht. Níl aon deacracht agam na tatúnna a shamhlú ag leanúint orthu thar a hucht. Baineann sí gal ocsaigine agus ansin séideann amach í isteach ina barréide.

Ná déan dearmad paicéad a cheannach ag an gcéad stáisiun eile.

Nó b'fhéidir gurb é a boladh atá i gceist. Tá rud éigin faoin mboladh ón mbean, rud fíor ar bhealach éigin. Chomh maith le buanboladh na nuálachta atá sa charráiste maireann boladh eile – leathan, fada, mall.

Breathnaíonn sí orm.

Ansin ar mo leabhar nótaí.

Arbh shin roc beag ar imill ghorma a súl?

An raibh miongháire ar a haghaidh?

Baineann sí a masc di agus tagann aoibh an gháire uirthi.

Tá miongháire ar a haghaidh agus í ag féachaint ar mo leabhar nótaí.

Ní féidir!

-Go raibh maith agat.

-(...ní fhéadfadh go bhfuil sé seo ag tarlú...)

-Tá a bhfuil scríofa agat fúm go hálainn, faoin mboladh uaim is gach rud. Is maith liom é.

Maireann aoibh an gháire ar a haghaidh. Tá sí ag labhairt liom. Ní fhágtar focal agam.

-Mise Nóra. Nóra Blu. Agus tusa?

-(...)

-An bhfuil labhairt agat? Nó an é nach féidir leat ach scríobh sa leabhar nótaí?

-Is...is mise Inko...Labhr...labhraíonn tú mo theangasa?

- Labhraíonn. Tá an mháthairtheanga chéanna againn, iontach.

-Níor...T...tá brón orm(dún an leabhar nótaí, a Inko)

-Ná bí buartha. Níor scríobh tú rud ar bith a chuir isteach orm./ rud ar bith maslach??? Tusa Inko mar sin, ceart?

-Is ea. Mise Inko, Inko Soare.

-Deas bualadh leat, a Inko.

Is mise Nóra Blu. Thug sí a hainm iomlán dom. Dúirt sí m'ainm amach os ard. Is maith liom an chaoi a deir sí m'ainm, ag fuaimniú gach siolla amach go soiléir, an *in* le gáire beag agus an *ko* breá leathan ina dhiaidh.

-Tá sé go maith bualadh le duine a labhraíonn an teanga chéanna, nach bhfuil? Ní tharlaíonn sé go minic.

-Níor tharla sé riamh dom. Níor labhair mé riamh le héinne ar an traein, fiú i dteanga eile.

-Bhuel, Dia dhuit, mar sin. Fáilte chuig an gcomhrá.

Chuig an gcomhrá seo. Chuig an áit seo nár shroich an traein seo riamh. Tá a guth neamhghnách. Tá sé beagáinín garbh ach teolaí ag an am céanna. Is guth é gur féidir a thuiscint. Guth lán, fíorghuth, focal ar fhocal.

-Cén fáth a scríobhann tú, a Inko?

-Ma...mar bainim taitneamh as agus is féidir liom rud ar bith is maith liom a scríobh i mo theanga fhéin mar ní thuigeann... éinne í. De ghnáth.

-Agus an scríobhann tú i do mháthairtheanga amháin nó i dteangacha eile freisin?

-In ár dteanga fhéin amháin. Cé gur aistritheoir oilte mé.

-Ár dteanga fhéin, a deir tú. Ach is leatsa an teanga ina scríobhann tú: leatsa agus leatsa amháin, mar ní thaispeánann tú do éinne riamh í. Má ligeann tú domsa í a léamh b'fhéidir gur liomsa í freisin. Ach go dtí sin...

Filleann sí a lámha ar a chéile taobh thiar dá cloigeann is síneann siar go postúil ina suíochán. Tá an miongháire mallaithe sin iontach. Amhail is gur cuma sa sioc léi céard a bhí scríofa agam i mo leabhar nótaí. Tá a beola scoilte, b'fhéidir toisc gur maith léi aoibh an gháire a chur uirthi féin nó b'fhéidir toisc go mbíonn sí ag cogaint orthu. Ba mhaith léi go ligfinn di mo leabhar nótaí a léamh. Ba mhaith léi go dtaispeánfainn di é. Tá rud éigin diabhalta, beagán cáidheach ag baint léi. Bhuel, ní thaispeánfaidh mé di é.

-Cén fáth a scríobhaimse? Níl a fhios agam...nuair a chuirtear na smaointe ar pháipéar tugtar substaint dóibh, foirm fhisiciúil de shaghas éigin. Déantar rud éigin fírinneach astu.

-Ach nach bhfuil siad fírinneach gan sin?

-Smaointe? Anois, ní nithe saolta iad smaointe, an ea? Tá samhlaíocht nó cuimhne ar nós ceobhráin. Déantar dearmad orthu go héasca is imíonn siad leo.

-Tá tú ag iarraidh go leanfaidh siad mar sin.

-Mmm. Níl a fhios agam. B'fhéidir go bhfuilim ag iarraidh scáth díom féin a fheiceáil áit éigin.

-Ach tá do leabhar nótaí ina thost, a Inko. An bhfuil a fhios agat céard atá fírinneach, i ndáiríre. Fíorfhisiciúil?

-Céard?

-Screadaíl. Tosnaímis.

-Tá tú ag iarraidh go dtosnóimid ag screadaíl? Cén fáth? Ní thuigfidh éinne muid.

Tarraingíonn sí anáil dhomhain, a cliabhrach is a cuid easnacha ag líonadh amach an bharréide samhraidh agus tosaíonn ag screadaíl. A ghlóraí is atá sí tá sé faiteach. Casaim mo chloigeann i dtreo na fuinneoige. Ní féidir liom breathnú uirthi. Tá náire orm. Ach leanann sí uirthi agus ansin beireann sí ar mo lámh agus coinníonn sí greim docht uirthi. Tá sí ag screadaíl, a cloigeann caite siar aici, a béal thuas san aer amhail is go bhfuil sí ag iarraidh poll a phléascadh sa díon. Ní deir éinne léi bheith ciúin; ní chasann éinne fiú chun féachaint uirthi. Fiú siúlann na hóstaigh thairisti, an meangadh inbhuanaithe socair ar a n-aghaidheanna.

Smachtú dá laghad. Tada. Ní thuigim ó thalamh an domhain. Ní thuigim a bhfuil á rá aici. Leanann na paisinéirí eile orthu mar a bhí, gach duine sáite sa domhan laistigh de na cluasáin; gach duine ag labhairt lena scáileán féin. Tá an leibhéal torainn sa charráiste níos airde anois. Tá screadaíl Nóra tar éis iachall a chur ar gach duine labhairt níos airde le go gcloisfear iad os cionn an ghleo. Tá Plazz-aip lán agus ard. Leanann Nóra uirthi ag screadaíl in ard a cinn is a gutha. Tá sí fós ag breith ar mo lámh le lámh amháin agus ag coimeád an bhuille leis an gceann eile, ag bualadh an tsuíocháin, Cnag, Cnag, Cnag. Tá tréine an chnagaidh ag cur leis an mbéim atá sí ag cur ar a cuid focal. Agus fiú muna dtuigeann éinne eile í, tuigimse í. Mise amháin a chloiseann í, go breá soiléir. Ní raibh mo chluasa riamh chomh hoscailte is atá siad anois. Ní raibh mo chroí riamh chomh corraithe. Cloisim í go domhain ionam féin. Arís is arís eile. Athuair. Sé fhocal. Deirimse iad arís is arís eile le Nóra.
-Éist leis seo! Le do thoil! Éist leis seo! Le do thoil!

Leanaimid orainn ag screadaíl is ag béicíl an bealach ar fad go dtí an stáisiún.

I dtraein 2051 tá gach rud tapa. I dtraein 2051 tarlaíonn gach rud anois díreach. I dtraein 2051 baineann gach rud le gach duine.

Tá tuairim gach duine ríthábhachtach agus ba é an toirtís a fuair an méid is mó caochadh súl don chéad stáisiún eile. Mar cuireann lógó teachtaireacht in iúl níos tapúla ná míle teanga.

Fáilte chuig an stáisiún Toirtís.

Braithim nach mbeidh am agam bearradh an uair seo.

Chomh luath is a dhéantar úrláir as na carráistí déanaimid ár mbealach síos na pasáistí chuig na hárasain. Ceannaím paicéad oscaigine agus faighimid seomra ar cíos. Fallaí bána, leaba bhán is fuinneog bheag sa tsíleáil. Casaim comhéadan leictreonach na fuinneoige as. Tógann Nóra an toitín as mo lámh.

-Má tá tú ag scríobh, caithfidh go bhfuil tú ag scríobh do dhuine éigin.

Ligeann sí an t-aer amach i m'aghaidh.

Ní chuireann ocsaigin i m'aghaidh as dom ar chor ar bith.

-Níl a fhios agam cé dó a bhfuilim ag scríobh. Dom féin, b'fhéidir.

-Ach céard a tharlaíonn, i bhfad tar éis duit imeacht ar shlí na firinne, má phiocann duine eile an leabhar nótaí suas? Samhlaigh é, tagann aistritheoir air! Samhlaigh é, aistríonn sé nó sí é isteach i dteangacha éigin eile, i bhfocail éigin eile, agus ansin tugann sé/sí é d'aistritheoirí eile agus... fan! Samhlaigh go bhfuil an domhan tar éis athrú chomh mór sin go bhfuil cuid de na focail imithe in éag agus...

-Caithfidh go ndeachaigh an oscaigin sin sa chloigeann ort.

-Nár mhaith leat go mbeadh sliocht ar do chuid focal? Go mbeadh siad fós ar fáil i bhfoirm éigin i gceann trí, ceithre....fiche glúin eile?

-Mmmm...

Thóg sé tamall orm brí iomlán na ceiste a thuiscint.

-Ní dóigh liom é. Ní mar sin atá. Níor scríobh mé aon rud riamh leis an tuiscint go mbeadh sé ar fáil go deo.

-Bhuel, bí cúramach, a Inko; tá sé de dhrochnós ag nithe dá leithéid a bheith ar fáil go deo.

Nithe dá leithéid. Na focail sin atá scríofa i mo leabhar nótaí. Nithe. Síneann sí an toitín ocsaigine chugam agus tosaíonn ag póirseáil ina mála leathair ag lorg rud éigin. Ansin téann sí ar a gogaide agus í fós ag póirseáil léi. Titeann ceann de na strapaí anuas ar a lámh. Rianann a tatú síos a craiceann ar fad, síos thar a hucht. Faoi dheireadh aimsíonn sí a bhfuil á lorg aici, bosca cipíní solais. Tugann sí faoi deara go bhfuil mé ag faire uirthi ach ní deir sí tada. Sínim an toitín ocsaigine chuici chun ligint dom teacht chugam féin arís.

-An maith leat dul?

-Dul cén áit? Dul sa seans?

Tagann aoibh an gháire ar a haghaidh.

An miongháire mallaithe iontach sin.

-Breathnaigh go cúramach agus feicimid ansin an mianach atá ionat.

Tógann sí amach cipín solais agus lasann é ar thaobh an bhosca. Sioss.... lasann an barr dearg fosfair agus ligeann síosadh beag as. Tosaíonn an barr ag dó, an lasair ag tosú ag ídiú cuid den mhaide beag bán faoi, ag síosarnach is ag damhsa. Stánaimid beirt ar an gcipín. Leanann an lasair bhídeach uirthi go mall ach go leanúnach síos an t-adhmad i dtreo bhun an chipín. Ní fada go sroichfidh sí méara Nóra, ach ní mhúchann Nóra í.

Fliuchann sí barr méire eile is a hordóige le seile óna béal is go mall beireann sí greim ar thaobh dóite an chipín atá faoi seo dubh is seargtha. Agus faoi dheireadh is féidir léi a lámh a bhogadh ón lasair mhall ag ligint di leanúint uirthi ag dó go bun an chipín go dtí go n-ídíonn sí an chuid deireanach den adhmaid bán le brioscarnach an teasa. Sroicheann an lasair bheag deireadh a haistir, tarraingíonn anáil amháin eile agus éagann. Tá an cipín solais dóite is dubh, ó bhun go barr. Breathnaíonn Nóra orm, a cuid malaí ardaithe go dúshlánach.

-Anois, tusa.

-Ach níl ach cúpla cipín fágtha agat i do bhosca...

Breathnaíonn sí síos arís is croitheann a ceann mar a bheadh ruainne díomá uirthi leis an gcaoi nach dtuigimse rud ar bith.

-Cé mhéad leathanach atá fágtha agat i do leabhar nótaí, a Inko?

Baineann sí gal fhada, mhall as an ocsaigin agus scaoileann sí í níos maille fós.

- Is beag spéise atá agam i nithe a bhíonn ann go deo.

- Céard faoi do chuid tatúnna?

-Ní hann domsa go deo, a stór.

A stór. Tá sí feargach liom, ach thug sí a stór orm. Ní hann do mhiondifríochtaí dá leithéid ar chainéil ilteangacha an ríomhaire ar bord. Cad nach dtabharfainn ar théipthaifeadán. Cad nach dtabharfainn ar a bheith in ann an guth sin a thaifead ionas go bhféadfainn an dordán marbhánta, a chloistear ar gach cainéal teanga ar an ríomhaire, a chur ina áit cheart. Arís is arís eile, athuair, go deo na ndeor. Ciapaire, muirín, anamchara. Beo. Fisiciúil. Sa teanga a ofrálann ocsaigin dom.

- Tarraingt dheireanach?

- Ceart go leor.

Ach ansin baineann sí gal fhada as, baineann an chuid deireanach den ocsaigin as an toitín roimh di é a shíneadh chugam.

-Ach chríochnaigh tú é.

Craitheann sí a ceann agus ansin osclaíonn a béal beagán chun an scamall ocsaigine istigh a thaispeáint dom; tá sé crochta ann, gan bhogadh chun tosaigh nó ar chúl. Gan analú isteach. Gan analú amach.

-Tar, faigh é.

Ghoid mé d'anáil
lán deataigh is tais
stróic tú an chaint asam

ceol na pluaise
neadaithe in ucht an imleacáin
ag búiríl macalla an domhain

muide comhréir
cairde gramadaí
muid, muid fhéin

bhaineamar greim as ár mbeola
chun focail a chéile a ithe
buillí blasta

fréamhacha iad fuaimeanna
stáisiún í máthairtheanga
fórsa nocht na domhantarraingthe

meandar amháin
síoraíocht lastall den domhan
cumtha againn ar an láthair

ábhar fónach
feoil an ghutha
fuaim na scornaí

casaoid i do bholg
cloistear caoineadh
ag bun an tsléibhe

fanaimis go deo
anseo ag an ngabhal
idir mheandair is céadta

imeall an chraicinn
seicín na feola
rith na fola

Faighim do bholadh fós sa seomra. Nuair a dhúisigh mé chonaic mé an bosca cipíní solais caite go míchúramach ar an úrlár. Bhí sé oscailte, beagnach folamh. Ní raibh fágtha ach trí chipín. B'fhéidir go ndeachaigh tú go dtí an seomra folctha. Sin a shíl mé. Cheap mé go bhfillfeá. Filleadh chun an miongháire sin a thaispeáint dom arís. Filleadh chun do bholadh a fháil, nó ar a laghad do bhosca cipíní solais.

Ach níor fhill riamh.

D'fhág mé an seomra sular iompaigh an stáisiún isteach ina thraein arís; gan am agam m'aghaidh a ní fiú. Thóg mé an bosca cipíní solais liom is chuir mé é i mo phóca le mo leabhar nótaí. B'shin ar fhág tú agam. Focal ar bith. Scriobláil ar bith. Gan fiú 'go dtí an chéad stáisiún eile'. D'fhéadfadh nithe mar sin maireachtáil go deo. Tada ach cuimhne, cuimhne ar d'ainm, do bholadh is do ghuth. Agus na ceisteanna a chuireamar ar a chéile díreach sular thiteamar inár gcodladh i mbaclainn a chéile agus allas na beirte dinn ar ár gcorp.

-Céard air a bhfuil tú ag smaoineamh?

-Ar smaoinigh tú riamh ar imeacht den traein ar fad ag stáisiún éigin?

-Ó, a Inko.

Ó, a thiarcais, an chaoi a dúirt sí m'ainmse, an *in* le gáire beag agus an *ko* breá leathan ina dhiaidh.

-An bhfuil aon tuairim agat, a Inko, cé mhéad stáisiún atá ann fós le cuairt a thabhairt orthu? Tá an domhan ró-mhór, a Inko, is tá an saol ró-ghéarr.

-Ach céard é an scéal muna bhfuil aon stáisiún san áit ar mhaith liomsa cuairt a thabhairt uirthi.

-Cén moladh atá agat fhéin?

Teanga. Bealach le haithne a chur ar a chéile. Nó len é a rá ar bhealach eile, caidreamh. Cairdiúlacht do ghutha. An chéad uair a rinne tú miongháire liom. Na mothúcháin a bhuaile mé an chéad uair a chuala mé do ghuth is an corraí a d'éirigh ionam nuair a bhí mé in ann do chuid focal a thuiscint. Níl ann anois ach cuimhne. Ní beo an chuimhne sin ach i mo chuid samhlaíochta. Cuimhne atá in ann imeacht mar a imíonn na scamail. Mar a tharla nuair a ghoid mé an ocsaigin ó do bheola scoilte. Cad nach dtabharfainn ar na cuimhní sin a chur mar thatú i m'intinnse. Cad nach dtabharfainn ar bheith in ann iad a lonnú go deo i m'inchinn.

-Tá cúig theanga agam, ár gceanna agus cúig cinn eile. Céard fútsa?

-Tá siad ar fad ar fáil dúinn ar an bpointe. Ní gá duit ach na cainéil chearta a roghnú ar do chluasáin.

-Ó, le do thoil, is ar éigean gur féidir teanga a thabhairt air sin. Níl an guth uaithoibritheach sin ar an ríomhaire fíor: níl tuin chainte i gceist agus níl aon aird ar na miondifríochtaí atá i gceist le teanga. Mar shampla níl ár bhfíortheanga le cloisint ar chainéal ár dteanga (is nílim ag tagairt don trasnaíocht). Tá a bhfuil le cloisint air leamh, gan anam. Ní shin í mo theangasa.

Ba í an teanga a thug le chéile muid fiú nuair a d'esaontaíomar.

- An scríobhann tú i do mháthairtheanga amháin?

- Scríobhaim. Sin a thagann chugam go nádúrtha.

-ó go domhain istigh ionat? Ón gcuid sin díot a bhí ceangailte le do mháthair...

- b'fhéidir. Léigh mé uair gurbh í an chéad fhuaim a chloisimid ná an fharraige sin arbh í an tsreabhán ainmíneach í i mbroinn na máthar.

- Cén chaoi a ndeirtear *oíche mhaith agus codladh sámh* sna teangacha a labhraíonn tú?

Lahko noč, добра ноќ, Gou nàcht, Good night and sleep tight. Ní raibh mé tar éis na focail sin a rá leis na blianta, ach amháin isteach i micreafóin scáileáin. Bhí sé an-fhada go deo ó dúirt mé iad i láthair neach beo, beathach. *Oíche mhaith agus codladh sámh.* Ansin luíomar ansin ar feadh tamaill ag éisteacht leis an gciúnas. *Is tú mo stór* a dúirt sí go tobann.

Mise do stór. Ach ba é a bhí i gceist agat a rá díreach ag an nóiméad sin ná *Slán* tháinig sé amach ar bhealach difriúil. *Is tú mo stór*. Mo stór. *Codladh sámh*. Is a leithéid. Na focail dheireanacha ó bhean a raibh a fhios aici go mbeadh sí ag imeacht an lá dár gcionn gan focal a fhágáil ina diaidh. Focail ar chomhchiall le *slán*. *Slán, a Inko*.

Bhí orm fanacht tamall ar na modúil iompú ar ais ina gcarráistí agus ar thraein 2051 tosú amach ar a thuras arís. Bhí mé tar éis domhan iomlán a fhágáil i mo dhiaidh sa seomra leapa sin agus teampall teanga in éineacht leis. Sa seantraidisiúin reiligiúnda thugtaí baile ar áit dá leithéid. Stáisiún arbh fhiú stopadh ann. Traein ag taisteal trí chorp. Imeall an chraicinn. Seicín na feola. Rith na fola.

Chuaigh mé isteach sa seomra folctha chun m'aghaidh a ní. Chuala mé cathair iomlán istigh ann. Istigh sa pholl lofa sin. Ceolfhoireann gaothuirilisí an uisce. Ní raibh mé tar éis é a thabhairt faoi deara riamh roimhe sin. Codarsnacht ghéar idir í agus do ghuthsa. Déistineach, brrt; fft; plab agus braah. Fuaimeanna ó phutóga éagsúla is ó scornacha gan téada gutha. Gach uile theanga nasctha le chéile sa chainéal séarachais, cuma cén cainteoir, cuma cén t-éisteoir. Chuir mé mo lámha go daingean thar mo chluasa.

- Is maith liom d'fhéasóg ghiobach, do shúile beaga, do ghruaig chatach.

Bhí mé ag iarraidh an guth sin a chloisint arís.

B'shin í mo theangasa.

D'aimsigh tú mé, a Nóra.

Nuair a bhí na carráistí curtha ar ais acu féin i líne bhí sé in am suíochán a aimsiú. Thosaigh mé ag siúl, ag bogadh liom tríd an traein. Ó mhodúl go modúl. Ó charráiste go carráiste. Traein a dó, a haon, a cúig, a haon. Nóra, a dúirt mé arís liom féin nuair a chonaic mé aghaidheanna na bpaisinéirí ag stánadh ar a gcuid scáileán. Nóra, a dúirt mé arís eile is aghaidh á lorg agam a bhreathnódh suas ón scáileán is a dhéanfadh miongháire liom. An miongháire álainn, damanta sin a déarfadh *Áthas orm bualadh leat*. Nó, len é a chur ar bhealach eile *teangachara*. Nó díreach *Dia dhuit*. Fáilte chuig an gcomhrá seo.

Agus mé ag dul síos an pasáiste cheapfainn amanta go bhfaca mé tú, a Nóra Blu, i bhfad uaim. Gheobhainn spléachadh ar do chuid gruaige in aimhréidh thar cúl suíocháin, suíochán a bhí ag ceilt do shúile gorma dorcha, do chraiceann gíofóige, do bharréide samhraidh agus an tatú sin ar bhaic do mhuinéil. Ach duine eile a bhí ann i gcónaí, ní tusa. Gan tatú. Gan mhogaill ghorma. Gan mhiongháire.

Níor bhreathnaigh éinne suas. Bhí súile gach duine dírithe ar fad ar an ríomhaire a bhí ar chúl an tsuíocháin os a chomhair amach. Bhí gach duine ag labhairt le pé íomhá a bhí ar an scáileán sin. Iad ar fad meascáithe le chéile. Do-aitheanta. Doiléir. Sraothartach marcach diosca lán le hailléirge cluiche iógart beo pota folamh scríobadh dord srannadh codlátán déistíneach frustraithe díograiseoir cáiríochta díoltóir síoda as-tiúin caoineadh éadach iriseoir páiste todhchaí nuachtán leabharlann am bróicéir máinlia neirbhíseach próifíl cat coileach caora ard díolachán taobh amuigh de uaireanta gnó aoire fógairt dubh cailte méileach préachán féin.

Bhí na focail á rá gan stad acu ar fad leis na soilse a bhí ag teacht as na scáileáin os a gcomhair. Níor thug duine ar bith deis duine eile a chloisint. Monabhar, monabhar, monabhar. Seacht míle is aon chainéal déag i ngach cluasán ach bodhar don té a bhí suite lena n-aice. I dtraein 2051 ní raibh ann ach gleo. I dtraein 2051 bhí gach rud fíorúil. I dtraein 2051 bhí na paisinéirí tar éis éirí neamhliteartha de bharr an iomarca ilteangachais.

Shiúil mé liom go tuisleach. Bhí bróga ar an úrlár. Stocaí ag crochadh suas. Cásanna folmha. De réir mar a chuaigh mé trí charráiste i ndiaidh carráiste d'éirigh na scuainí do na Seomraí Dorcha níos faide is níos faide. An mhaidin sin ní raibh sé deacair a shamhlú go bhféadfadh neamhord mothachtálach béaloideasúil a bheith ar dhuine. D'fhéadfainn mé féin a shamhlú ag dul sa scuaine sin sar i bhfad. Fonn pornagrafaíochta náisiúnaí orm. Nó b'fhéidir fonn ceiliúradh nó imeacht orgasamach. Filíocht ó bhéal ag teacht ina sruth as na callairí, na mílte leantóirí sna seastáin, gach aon duine díobh ar tinneall. Faoi dhraíocht ag an bhfonn, ag an rithim, ag an teachtaireacht. É ar fad in aon teanga amháin, gach duine le chéile. Bualadh bos mór is comhcheiliúradh. Éilimh, mothúcháin, caoineadh...

Bhí scuainí fada d'andúiligh bhochta na pornagrafaíochta náisiúnaí lasmuigh de na Seomraí Dorcha.

Ní fhéadfaidís an míshuaimhneas a chruthaigh sochaí na traenach iontu a smachtú a thuilleadh, sochaí a chuir cosc ar gach léiriú pearsanta cultúir ionas go mbeadh meas ar chomhaireachtáil is ar éagsúlacht.

Chuaigh mé trí iliomad pasáistí gan duine ar bith ag breathnú suas orm. Fiú amháin na hóstaigh a ndeachaigh mé tharstu ar mo bhealach lean siad orthu, leis an meangadh inbhuanaithe ar a n-aghaidheanna, ag díriú airde ar an scáileán, ag moladh do dhaoine an leagan nuashonraithe de na rialacha do thraein 2051 a íoslódáil. Níor bhreathnaigh éinne ar na fuinneoga in aice leo. Gan trácht ar bhreathnú amach tríothu ar a raibh lastall. San áit seo níor labhair éinne ár dteanga. San áit seo níor labhair éinne ar chor ar bith ach amháin le scáileán. San áit seo ní dúirt éinne tada. Cá raibh tú? Cén carráiste ina raibh tú? Nóra an ghutha chroíúil.

Mo theangachara muirneach.

Dúirt tú go raibh an saol ró-ghearr is an domhan ró-mhór le himeacht den traein ag stáisiún ar bith. Ach dhéanfaí stáisiún den traein agus traein den stáisiún gan éinne a leagan cos lasmuigh de riamh. Bhí siad ar fad ag stánadh ar a gcuid scáileán agus níor bhreathnaigh siad riamh ar a chéile. Bhí cluasáin ar a chluasa agus níor éist éinne leis an duine in aice leis. Bhí gach rud tapa, bhí gach rud ag tarlú ar an bpointe boise, bhí gach rud le lámh agus fós ní raibh rud ar bith in áit ar bith, níor tharla rud ar bith in am ar bith agus ní raibh ann d'éinne a thuilleadh. Ba é méid fhíorúil an domhain ba chúis leis an saol a bheith ró-ghearr.

Sibhialtacht hurlamaboc a ghluais ar nós fear buile ó stáisiún neamhbhuan amháin go stáisiún neamhbhuan eile, gan deis ach ar éigean toitín oscaigine a chaitheamh i gceann ar bith díobh.

Bhí mé traochta. Bhí mé stiúgtha. Is ar éigean a bhí mé in ann seasamh tar éis dom a bheith ag fuaidreamh ó charráiste go carráiste do do lorg. Shuigh mé síos sa suíochán pasáiste i sraith B1, modúl a dó, carráiste míle seacht gcéad tríocha a ceathair de thraein 2051. Le mo taobh bhí fear caol agus aghaidh ar nós laghairte air. Bhí sos uaim.

Fuair mé spléachadh ar m'aghaidh sa scáileán glan os mo chomhair.
-Is maith liom d'fhéasóg ghiobach, do shúile beaga, do ghruaig chatach.

Coinneoidh mé an chuimhne liom agus beidh sí agam nuair a bheidh fantaisíocht agam san fhíorshaol.

Bhí a fhios agam go raibh tú ag cur fainic orm go hindíreach faoi neamhbhuaine ár gcaidrimh. Bhí tatúnna ort ach níorbh ann duit féin go deo. Bhí a fhios sin againn. Níor thug mé aon gheallúint duit is níor iarr mé geallúint ort. Bhí tuiscint agam ar neamhbhuaine tar éis an méid uaireanta a luigh mé le mná eile i stáisiúin roimhe sin. Ach murab ionainn is ar tharla sna stáisiúin sin, an uair seo labhair tú liom. Thug tú d'ainm dom, fuaim do ghutha, boladh na comhthuisceana, feoil ár máthairtheanga.

Chruthaigh tú asláithreacht i m'anam, agus, mar a dúirt tú, tá sé de nós gránna ag a leithéid fanacht le duine go deo.

Chas mé an scáileán air. Hi-aip. Suit-aip. B'fhéidir go bhféadfainn teacht ort ar do scáileán féin. Nóra Blu. Mí-ádh. Bhí Plazz-aip lán ach ní raibh teacht ortsa áit ar bith. Ní raibh aon phróifil fhíorúil ag teacht le d'ainm nó le d'aghaidh. B'fhéidir gur thug tú ainm bréagach dom. Nó ar iarr tú ar mháinlia do phróifil fhíorúil a athrú? Nó an raibh tú ar an mionlach (nach ann dó a thuilleadh ar nós na seanstáisiún gan lógó) nár bhain úsáid riamh as aipeanna fíorúla? B'fhéidir nach raibh ionat ach puth gaoithe i mo shamhlaíocht, toradh seachrán céille a imíonn de réir mar a imíonn an chuimhne atá agam ortsa?

Nóra Blu. D'uaslódaíl mé glórphost is d'fhan mé ag súil go bhfreagrófa. Éist leis seo, le do thoil.

Thóg mé amach an bosca cipíní solais. Las mé ceann den trí chipín a bhí fágtha ann. Níor thug an fear, a bhí ina shuí le mo thaobh, le haghaidh ar nós laghairte air, an boladh faoi deara. Níorbh ann don domhan lasmuigh den scáileán aige féin. Rinne mé iarracht an cipín a dhó ó bhun go barr mar a thaispeáin tú dom. Chaith mé seile ar an dá mhéar roimh dom breith ar an gcuid dóite agus ghlac mé cúram leis ionas nach mbrisfinn an snáithe caol dubh. B'fhéidir gur shíl mé go mbeadh sé ina ábhar spreagtha duit teachtaireacht a chur chugam dá n-éireodh liom. Ba gheall le hachainí é.

Theastaigh uaim a chreidiúint, fiú muna bhféadfainn teacht ortsa, go bhféadfása teacht ormsa. Ar an gcomhéadan. Ag breathnú amach an fhuinneog. Ar na cainéil theanga. Áit éigin.

Cabhraigh linn an lógó a roghnú don chéad stáisiún eile. Má aontaíonn tú caoch do shúil uair amháin, muna n-aontaíonn ná caoch súil (oiread is uair amháin) go dtí go ndónn solas an scáileáin do reitine agus nach féidir leat é a sheasamh a thuilleadh. Mar cuireann lógó teachtaireacht in iúl níos tapúla ná míle teanga.

Cuimhnigh gur cheart duit an teanga is fearr leat a roghnú. Déan dearmad gur féidir comhrá a thosú leis an duine le do thaobh. Éist leis seo, le do thoil.

Lean an lasair ar a bealach.

Ceangail. Nascanna. Meascán mearaí digiteach.

Ní raibh sé i gceist le séimeolaíocht na logónna ar thraein 2015 go mbeadh sé ar chumas gach duine iad a thuiscint. Bhí sé i gceist le séimeolaíocht na logónna go ndéanfá dearmad go raibh a theanga fhéin ag an té a bhí ina shuí in aice leat. Níos ciúine ná monabhar dothuigthe comhfauna na traenach agus níos airde ná an bolgán a chruthaigh cluasáin gach duine ina thimpeall. Bhíomar ar fad neamhliteartha. Ionas go mbeadh comhaireachtáil síochánta, fíorúil ann.

Cén teanga a labhair an fear le mo thaobh, an fear leis an aghaidh ar nós laghairte air?

D'éirigh liom an cipín solais ar fad a dhó. Ach níor tharla tada. Bhí súil agam go bhfaighinn freagra uait ach d'imigh an dóchas sin leis an ribín deataigh deireanach ón gcipín. Bhí Plazz-aip lán agus bhí m'achainí thruamhéalach á chur, de réir a chéile, faoi mhíle teachtaireacht eile, gach ceann díobh neamhoscailte is neamhléite. A Nóra Blu, ar chuala tú? An bhfuil seans ann gur sheol tú freagra a cailleadh freisin i measc na mílte teachtaireachtaí? Éirí cailte, sin an t-aon bhealach. Ní raibh de rogha ann ach éirí cailte. Lean an traein uirthi ar a turas. 1,200 ciliméadar ghlórmhara, bodhra, neamhliteartha san uair, arís is arís eile, go síoraí, go hiomlán dofhulaingthe.

Bhí mé ag scríobh duitse.

Muna bhféadfainn teacht ort b'fhéidir, ar a laghad, go raibh seans ann go dtiocfása ar an leabhar nótaí.

Theastaigh uaim a chreidiúint go bhféadfá a bheith ar an taobh eile den leathanach. Bhí fonn millteanach orm fanacht leis an smaoineamh go léifeá na focail seo, fonn orm a fháil amach go dtuigfeá, go gcloisfeá is go mothófa teanga na n-abairtí seo. Chun a bheith cinnte go raibh a raibh ar siúl agam fíor. Theastaigh tú uaim, a Nóra. Theastaigh tú uaim chun scríobh chugat, chun labhairt leat, cé gur bhraith mé go raibh mé ag bogadh céim eile uait le gach leathanach a scríobh mé.

Murach sin céard is fiú Útóipe?

Agus abair go dtiocfadh duine eile ar mo leabhar nótaí amach anseo? Ní bheidh mise ann go deo ach b'fhéidir go mbeadh nithe mar fhocail scríofa, nó bhí sé de dhrochnós ag nithe dá leithéid a bheith ar fáil go deo. Ach ansin, céir tú más duine eile tú seachas Nóra Blu, nuair a léann súile eile é seo, cé dó a raibh mé ag scríobh?

Nóta duitse: tá brón orm faoi na botúin ar fad agus faoi na focail ar fad atá scriosta amach.

Tá brón orm, a léitheoir chóir na todhchaí agus mé ag cur i gcás gur ann duit, tá brón orm go ndearna mé cur síos duit ar aghaidh Nóra. Tá brón orm gur thug mé léargas ar a craiceann dorcha agus an tatú a d'éalaigh síos faoina barréide scaoilte samhraidh. Tá brón orm gur leag mé béim ar an mboladh óna cuid gruaige a bhí in aimhréidh agus ar a súile leis na mogaill ghorma.

N'fheadar cén teanga a labhraíonn tú? Mar a dúirt Nóra uair: ach ... samhlaigh. Samhlaigh go dtagann aistritheoir ar an leabhar nótaí seo, agus samhlaigh go bhfuil an domhan faoin am sin tar éis athrú chomh mór sin go bhfuil cuid de na focail imithe in éag.

Nóta don aistritheoir: Tá brón orm nár fhág mé míniú ar na focail atá imithe in éag.

Bíodh a fhios agat go bhfuil cead agat focail de do chuid féin a úsáid ina n-áit. Scríobh iad ón tobar focal istigh go domhain ionat féin.

Tuig le do thoil go raibh mé ag scríobh duitse (freisin) mar bhí mé ag caitheamh amach gan srian tríd na píobáin séarachais gach a raibh le rá agam faoi fhauna na traenach damanta. Theastaigh tú uaim, pé ar bith tú: Nóra; aistritheoir; léitheoir. Leithscéal chun teanga a úsáid. Ach chun an fhírinne a rá ní raibh mé ach ag caint liom féin.

Bhí cathair iomlán ag taisteal ar an traen sin.

Bhí Plazz-aip lán.

Ach diabhal tú a bhí ann.

Lig mé scread asam. Éist leis seo, le do thoil. Uair amháin. Éist leis seo, le do thoil. Dhá uair. Bhí an t-éadóchas sna focail níos láidre ná an dearfach. Éist leis seo, le do thoil. Den tríú huair. Níor bhreathnaigh éinne orm. An ceathrú huair níor éirigh liom fiú an rud ar fad a rá. Éis...Ar chas fear an chloigeann laghairte a cheann i mo threo? Ní fhéadfadh. Bealach ar bith.

Is dá leomhfainn labhairt leis mar a rinne tusa liom? Go raibh maith agat, a dúirt tú, go raibh maith agat as a raibh scríofa agam fút sa leabhar nótaí. Ba cheart go mbeinn ag gabháil buíochais leat as uchtach a thabhairt dom labhairt os ard. Céard a déarfadh fear an chloigeann laghairte liom? Céard a déarfainnse leis?

An raibh ár dteangasa aige fiú? B'fhéidir gur bhreathnaigh sé toisc gur bhraith sé fuaim ar iarraidh nuair a d'éirigh mé as an screadaíl. Sin a raibh ann. Nó b'fhéidir gur thuig sé mo theanga agus go raibh sé ag ligint air nár thuig toisc nach raibh fonn air labhairt liom. Sular bhuaíl mé leatsa b'fhearr liom éisteacht le ceol ar mo chluasáin: gan aon fhocail, tada ach ceol ionstraimeach, gearrtha amach ó chúlra glórmhar an charráiste. Agus, ar aon nós, glacadh leis go raibh paisinéir, a d'iarrfadh ar chomphaisinéir a chluasáin a bhaint de, fíordhroch-mhúinte. Agus chomh maith leis sin glacadh leis gur iompar an-aisteach é. An rabhamar imithe chun donais chomh mór sin nár labhraíomar riamh aghaidh ar aghaidh. Ba chuma, shocraigh mé dul sa seans.

I mo mháthairtheanga nó i dteanga éigin eile. Díreach mar a rinne tusa, le miongháire. Bhí neart teangacha eile a d'fhéadfainn triail a bhaint astu, muna n-éireodh leis na cinn a raibh mé fíor-líofa iontu. Bhí cinn eile agam a raibh dóthain díobh agam le méid áirithe a rá iontu.

Bhí cinn eile fós a d'fhéadfainn a thuiscint ach ar éigean toisc gur bhreathnaigh mé ar go leor fiseán teagaisc. Bhí tuiscint agam ar mhéid áirithe eile ón mbogadh ó theanga go teanga a bhí déanta chomh minic sin agam ar an ríomhaire. Tar éis an tsaoil ní fhéadfadh sé a bheith chomh deacair sin ar fad cumarsáid a dhéanamh leis an duine le mo thaobh. Bhí rogha aon teanga déag agam as an seacht míle, céad is a haon déag a labhraíodh ar an traein.

Ní dhéanfainn ach breathnú air agus tosú ag caint. Fiú muna bhféadfaimis teanga a chéile a labhairt d'fhéadfaimis geáitsí a úsáid go dtí go dtiocfaimis ar bhealach le muid féin a chur in iúl dá chéile. Go dtí go dtiocfaimis trí thaisme ar stáisiún teanga. Dia dhuit, mise Inko. Sin mar a thosóinn. Chuirfinn mo lámh ar mo chliabhrach agus déarfainn: Inko, In-ko. Bhuailfinn mo chliabhrach féin le lámh amháin agus shínfinn an lámh eile chuige, na malaí ardaithe agam amhail is go raibh mé ag rá; agus tusa? Mise In-ko. Agus tusa? Ainmneacha i dtosach. Ag cur in iúl cé muid. Agus ansin féidireachtaí ó thaobh teangacha de. Ag iarraidh a fháil amach ar labhair sé teanga a bhí agamsa nó ar a laghad an raibh sé in ann ceann díobh a thuiscint. Ainmneacha agus ansin teanga. Ní hea, fan nóiméad. Bheadh miongháire níos fearr mar thús, ceapaim. Leag lámh ar a ghualainn, ar bhealach cairdiúil, chun a aird a dhíriu orm ach gan geit a bhaint as nó olc a chur air. Agus ansin miongháire. Ar nós na n-óstach, miongháire inbhuanaithe. Is ea. Agus ansin ainmneacha agus ina dhiaidh sin teangacha. Miongháire, ainmneacha, teangacha.

Cén dochar a dhéanfadh sé triail a bhaint as?

Bhuail aláram.

I dtraein 2051 bhí gach rud in aice láimhe.

I dtraein 2051 tharla gach rud ar an bpointe boise.

I dtraein 2051 bhí gach rud tapa.

Bhí Plazz-aip lán. Scaipeadh íomhánna den ghábháil go tapa ar na comhéadain. Cur i gcrích glan, measúil, proifisiúnta, eiseamláireach ag na hóstaigh. Sárleiriú ar an gceathrú bunriail ar an traein seo. Cosc ar reiligiún, cosc ar bhatacha, cosc ar chaoineadh agus an ceann is déanaí cosc ar theagmháil.

Léirigh an físeán den ghabháil go rí-shoiléir a raibh leagtha síos i dlí na comhaireachtála síochánta faoina dtarlódh dóibh siúd a bhris aon cheann de na rialacha a uasdátaíodh le déanaí. Bhí sé éasca do gach duine é a thuiscint, cuma cén teanga a labhair sé nó cén cúltúr nó cine lenar bhain sé. Gan fhocail ar bith de dhíth.

Bhí sé soiléir san fhíseán gur theagmhaigh paisinéir amháin le gualainn paisinéara eile, arís is arís eile. Bhrúigh íospartach na teagmhála ghualainne an deilbhín alárim ar a scáileán. Rinne sé iarracht bogadh ón mí-úsáideoir teagmhálach agus é ag coinneáil a choirp siar chomh fada is a d'fhéadfadh sé i gcoinne na fuinneoige. Ón nóiméad gur lasadh an solas dearg go dtí teacht na n-óstach d'fhan an t-íospartach suite mar sin, rud a léirigh tromchúis an ionsaí. Ní dhearna an t-íospartach iarracht dá laghad bogadh nó aisteagmháil ar bith a dhéanamh mar bheadh sé sin chomh dáinséarach céanna leis an gceathrú riail a bhriseadh arís. Bhí teannas láidir le brath sna híomhanna. Lean an teagmhálaí ghualainne air leis an ionsaí agus bhí sceon ar aghaidh an íospartaigh. Bhí na mothúcháin chomh láidir sin gur gheall le brón iad agus bhí an chuma ar an scéal go raibh an t-íospartach an-ghar don tríú riail a bhriseadh. Gan amhras bhí sé i sáinn ach bhrúigh sé é féin siar go docht i gcoinne na fuinneoige agus d'éirigh leis ar bhealach éigin na deora a bhí ag bailiú ina shúile a choinneáil siar. Bhí ag éirí go maith leis. Ní fada go dtiocfadh na hóstaigh agus bheadh gach rud faoi smacht. Tháinig deichniúr díobh ar fad, cúigear anuas is cúigear aníos an pasáiste díreach mar a bhí leagtha síos sa phrótacal nua chun deileáil le briseadh dlithe na comhaireachtála síochánta.

Go deas múinte d'ofráil siad masc don chiontóir agus thug siad cuireadh dó tarraingt ar an ngás gáire a bhí istigh ann. Tá an gás seo molta ag naonúr as gach deichniúr poitigéir mar an bealach is fearr le teannas a scaoileadh agus chun an dochar a bhaint as suíomhanna a d'fhéadfadh a bheith contúirteach. Gan bhaint leis an gciontóir thug na hóstaigh cuireadh dó bogadh síos an pasáiste. Fad is a bhí sé sin ar fad ar siúl acu bhí an meangadh inbhuanaithe ar a n-aghaidheanna i gcónaí. Ansin chuir siad é faoi ghlas i gceann de na modúil athchúrsála i dtraein 2051. Gabháil ghlan, speisialta, gan teagmháil, gan reiligiún, gan bhratacha.

Agus miontaifead ar gach mionsonra. Bhí Plazz-aip lán an lá sin. Ba ghaisce é gurbh fhiú craoladh go poiblí.

Taispeánadh na híomhánna arís is arís eile fad is a lean an traein uirthi ar a turas. Ionas nach dtarlódh a leithéid de bhriseadh rialacha arís.

Bhíodh sé i gcónaí síochánta istigh i dtraein 2051. Leanfadh sí uirthi ag iompar gach cathair laistigh di. Bhainfeadh sí na cinn nua as a chéile agus na seanchinn freisin, arbh iad an todhchaí iad, uair dá raibh. Bhíodh éagsúlacht i gcónaí laistigh de thraein 2051. Bhíodh idir fhir is mhná ann. Bhíodh daoine de gach aois ann. Thagadh na daoine as gach áit ar fud na hEoráise is bhíodh réimse mór cultúr is teangacha i gceist. Bhíodh sé i gcónaí teolaí istigh i dtraein 2051. Ag an am céanna is a thagadh athrú ar an teocht agus an aeráid lasmuigh, istigh sa traein bhí an dara cipín solais ón deireadh in ann é féin a dhó go hiomlán, ó bhun go barr, ar nós an dara lasair dhóchais ón deireadh.

Díreach sula ndeachaigh traein 2051 thar Útóipe arís eile chuaigh ceann de na carráistí trí thine.

Mar a dhéanann nathair nimhe ollmhór fuair an traein réidh le sraith uachtar dá chraiceann. Fágadh an conablach dubh in-bhithmhille ina diaidh. D'imigh an traein léi ar luas lasrach i bhfad i gcéin ag fágáil a rian ar an dreach tíre ach á glanadh de réir mar a ghluais sí léi.

Bhí beith, is cuma fíor air, ina luí ar an talamh in aice leis an gconablach dubh, a ghéaga sínte amach aige.

Thainig traein eile. Chuaigh sé gar don chorp, an-ghar dó, agus ansin tháinig traein eile fós. Húis. Tháinig is d'imigh traenacha eile ar nós scamall á séideadh ag an ngaoth. Soir. Anoir. Aniar. Thar na céadta bliain. Aduaidh is aneas. As áit nach ann dó chuig áit éigin. Tógadh na cathair- stáisiúin le níos mó nó níos lú carráistí, inbhuanaitheacht shíoraí.

Ní hann d'achair nó do theorainneacha. Obaba. An Aetóip. Súsá. Gan traidisiún béil níor fhan na hainmneacha. Xian. Samarakanda. Karakorum. An domhan mór ar fad. Khunjerab. An Mheaspatáim. Finisterre. Faoi smacht na gluaiseachta.

Bhí cúlra liathdhubh ag an ngealach, a bhí ar dhath an airgid, go hard os cionn fíor na spéire. D'imigh dathanna na réalta as.

Bhí siad beag bídeach thuas sa spéir. Níor scinn scáil ar bith thar dhromchla miotalach na farraige fótavoltaí.

Bhí scamail ribíneacha ar foluain sa spéir ghorm os ár gcionn. D'athraigh patrún na scamall ó nóiméad go nóiméad. Shéid siotaí gaoithe aneas agus ghluais na néalta, ina dtrilseáin gruaige, trasna na spéire. Bhí dath na gealaí ag dul in éag trasna na spéire dorcha. Bhí an sneachta ag titim go tiubh ar na beanna arda. D'athraigh na séasúir níos tapúla ná riamh ar an bplainéad nár thug éinne cuairt air.

Spota dubh ina sheasamh ar dhá chos. Mammach ar nós fir ina sheasamh ar nós seangáin agus é chomh bídeach ar imeall na timpiste oragrafaí. D'fhan sé ar feadh i bhfad ag stánadh go dtí gur thóg sé, go tobann, céim siar amháin i dtreo fhíor na spéire. Agus ansin céim eile. Agus ansin céim eile fós.

I dtreo fhíor na spéire.